**A ndúirt an tUachtarán Metsola ag an gComhairle Eorpach Neamhfhoirmiúil**
***6 Deireadh Fómhair, Greanáda***

Go raibh maith agaibh agus mora daoibh go léir ar maidin.

Ba mhaith liom mo chuid cainte a dhíriú inniu ar chúpla príomhdhúshlán atá romhainn, agus ar an gcaoi ar féidir le Parlaimint na hEorpa cabhrú chun aghaidh a thabhairt orthu.

Tá an imirce fós ar cheann de na hábhair imní is práinní atá ag an Eoraip. Toghchán i ndiaidh toghcháin, tá sé fós ar cheann de na hábhair is mó imní do shaoránaigh na hEorpa, ar fud na mBallstát go léir. Leis na blianta, áfach, níor éirigh linn dul chun cinn leordhóthanach a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist. Táimid anois ag pointe ina bhfuil bealach chun cinn againn a gheobhaidh réiteach ar an tsáinn sin. Is féidir leis an méid atá á phlé againn teacht le hionchais na ndaoine gan iallach a chur orthu cúlú go dtí na himill nó go dtí an ainmheasarthacht. Cur chuige atá ansin a chosnaíonn ár dteorainneacha agus atá cothrom leo siúd a bhfuil cosaint de dhíth orthu, atá daingean leo siúd nach bhfuil incháilithe, agus atá láidir in aghaidh líonraí coiriúla atá ag teacht i dtír ar na daoine is leochailí. An bhfuil sé foirfe? Ar ndóigh, níl.

Ach táimid níos gaire ná riamh agus gan ach leathbhliain le dul roimh dheireadh ár dtréimhse oifige, is féidir linn teacht ar chomhaontú maidir leis an gComhaontú Tearmainn agus Imirce roimh dheireadh an téarma.

Is é an comhréiteach an méid a bhogann ar aghaidh sinn. Ní focal salach é comhréiteach.

Tá tiomantas Pharlaimint na hEorpa maidir leis an bpacáiste seo a thabhairt chun críche buanseasmhach i gcónaí. Ní féidir linn ligean don díospóireacht seo a bheith i gceannas ar fheachtas eile do na toghcháin Eorpacha agus é a dheighilt, gan na huirlisí reachtacha a chur i láthair a thabharfaidh aghaidh ar an díospóireacht sin.

Fonn a níos fiach ó thaobh na tola polaitiúla de. Chonaiceamar é sin leis an bpaindéim, agus sinn ag seasamh an fhóid i gcoinne ionradh neamhdhleathach na Rúise ar an Úcráin. Is amhlaidh atáimid ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin aeráide atá romhainn, ag dícheangal ó fhuinneamh na Rúise, ag leagan síos caighdeáin dhomhanda san earnáil dhigiteach agus ag leagan síos bunchlocha do na blianta atá le teacht.

Le blianta beaga anuas, tá rudaí déanta againn a shíl go leor a bheith dodhéanta. Is féidir linn déanamh amhlaidh arís.

Thángamar le chéile ar bhealach a d’fhág gur éirigh ár nAontas níos láidre, níos neamhspleáiche agus go bhfuil níos mó tionchair aige ná mar a bhí riamh.

Tá an domhan ag athrú agus ní mór dúinn dul in oiriúint dó agus athrú a dhéanamh freisin bord ar bhord leis. Ní mór dúinn leanúint d’ár seacht ndícheall a dhéanamh chun áit ina bhfuil comhionannas deiseanna, sábháilteacht agus slándáil, rathúnas, dínit agus áit ina bhfuil poist ar fáil a dhéanamh den Eoraip - áit ar féidir le gach duine a lánacmhainneacht a bhaint amach, gan leibhéil éagsúla rochtana.
Ciallaíonn sé sin bealaí chun cinn a aimsiú atá tábhachtach do ghlúin nua agus do rabharta nua d’Eorpaigh agus de Bhallstáit na hEorpa.

Is é an méadú an uirlis gheopholaitiúil is láidre atá ag an Aontas. Agus go háirithe sa timpeallacht gheostraitéiseach nua seo, tá Aontas atá méadaithe bunaithe ar chuspóirí, ar chritéir agus ar fhiúntas soiléir, ina infheistíocht sa tsíocháin, sa tslándáil, sa chobhsaíocht agus sa rathúnas ar mhór-roinn na hEorpa. Is próiseas é a bhfuil toradh air a théann chun tairbhe do gach duine lena mbaineann.

Sin an fáth ar iarr Parlaimint na hEorpa ar an Úcráin agus ar an Moldóiv stádas mar thír is iarrthóir ar an Aontas Eorpach a fháil. Tugann an stádas sin peirspictíocht shoiléir Eorpach do na náisiúin sin agus is spreagadh cumhachtach é chun athchóirithe daonlathacha a chur chun cinn. Le breathnú siar ar an 20 bliain anuas, is féidir cumhacht chlaochlaitheach an mhéadaithe a léiriú. Sin é an fáth ar mian linn an chéad chéim eile a ghlacadh faoi dheireadh na bliana má tá na tíortha sin ullamh.

Anois, ní mór dúinn ár reitric a bheith ag teacht leis an ngníomhaíocht. Ní mór dúinn a n-uaillmhian a chur in oiriúint dár gcumas agus dár dtoilteanas athrú. Ní mór dúinn tús a chur le fíorphlé maidir le cumas ionsúcháin an Aontais agus maidir le hathchóiriú inmheánach. Tá sé thar am cheana féin é sin a dhéanamh. Beidh na stáit sin ullamh le dul isteach san Aontas, agus ní mór dúinn a bheith ullamh freisin. Ní haon mhaitheas é rudaí a chur ar an méar fhada.

Chuige sin, beidh orainn go léir an plé sin a choinneáil mar thosaíocht ar ár gcláir oibre sa sainordú atá le teacht.
Is faoi gach tír is iarrthóir a bheidh sé ansin leanúint de bheith ag obair go dian chun na critéir aontachais a chomhlíonadh. Agus ní mór fíor-iarrachtaí a dhéanamh chun go réiteofaí gach díospóid dhéthaobhach atá fós gan réiteach.
Ar ndóigh, beidh ar gach tír is iarrthóir a conair féin a leanúint. Ní féidir linn ár gcúraimí a dhéanamh go neamhchríochnúil, ach is é atá á éileamh agam anseo nach mór dúinn a bheith ullamh. Má fhágann sinn gach duine ar feitheamh, níor cheart iontas a bheith orainn má líonann duine eile an folús a fhágaimid inár ndiaidh.

Bíonn neamhspleáchas níos straitéisí ann mar thoradh ar mhéaduithe, mar is amhlaidh i gcás buiséad atá oiriúnach don fheidhm.

Maidir leis an togra atá againn i ndáil lenár n-athbhreithniú ar an mbuiséad: tá teorainn le cistí. Tá dochar déanta ag an bpaindéim, ag ionradh na hÚcráine, ag tubaistí nádúrtha agus ag an ngéarchéim maidir le costas maireachtála. Leis an méadú atá ag teacht ar rátaí úis, tá ardú tagtha ar na costais iasachtaíochta atá againn faoi NextGenerationEU. Is é an éifeacht atá leis sin ar fad ná go bhfuil brú as cuimse ar bhuiséad an Aontais.

Agus tá dualgas orainn freagairt air sin.

Tá athrú ó bhonn tagtha ar an domhan le blianta beaga anuas, agus is amhlaidh dár dtosaíochtaí.

Sílim gur féidir linn go léir a chomhaontú go bhfuil níos mó acmhainní de dhíth orainn chun aghaidh a thabhairt ar an imirce, chun leanúint de thacaíocht a thabhairt don Úcráin ar bhealach fadtéarmach inbhuanaithe.

Táimid go léir sásta freisin tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit atá thíos le tubaistí nádúrtha, agus é sin a dhéanamh go tapa agus go héifeachtach. Nuair is mó a bheidh siad ag brath ar an Eoraip, ní mór dúinn a bheith ullamh.

Agus ní mór dúinn beart a dhéanamh de réir ár mbriathair ó thaobh ár n-iomaíochais de - is é sin an chaoi a nginimid fíorfhás eacnamaíoch inbhuanaithe, atá riachtanach chun ár n-uaillmhianta a chothú.

Bhíomar seiftiúil maidir le cistí atá ann cheana a chur in úsáid arís. Ach ag dul ar aghaidh ní mór dúinn a bheith ionraic faoi cad is brí leis sin. Maidir le ligean dár gcostais iasachtaíochta cláir a ídiú, nó fiú iad a ghearradh go hiomlán, ar cláir iad a fhágann gur féidir linn a bheith iomaíoch agus nach féidir lenár saoránaigh tairbhe dhíreach a bhaint astu, amhail Erasmus agus Fís Eorpach, is nithe iad sin nach furasta glacadh leo.

An tseachtain seo, chomóramar 33 bliana ó athaontú na Gearmáine agus na hEorpa mar aon léi. Rinneadh cur síos air in 1990 mar 'mhiorúilt amach is amach'. Dar liomsa, seachas é a bheith ina míorúilt, gur léirigh sé cumhacht na polaitíochta agus na taidhleoireachta chun teacht ar réitigh. Is éard atá i gceist leis an Eoraip eolas a chur ar an toil pholaitiúil chun teacht slán as corraíl agus difríochtaí a bhfuil an chuma orthu gur snámh in aghaidh easa iad, faoi bhealaí chun cinn a aimsiú lena n-athraítear an saol, faoi shaincheisteanna geopholaitiúla idirghlúine a réiteach agus faoi chúrsa na staire a athrú.

Bíodh an imirce, ár CAI nó an méadú i gceist, ní mór dúinn cuid den mheon sin a ghlacadh chugainn arís.
Tá Parlaimint na hEorpa ullamh. Ullamh chun tuairimí ár saoránach a fháil agus chun na teachtaireachtaí a thabhairt ar ais abhaile chucu. Ullamh le páirt a ghlacadh chun saoránaigh an Aontais a bheith páirteach. Ós rud é gurb é sin an t-aon bhealach chun a áirithiú go n-éireoidh lenár n-athchóirithe i ndeireadh na dála.